Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0195

Leasú ar an Treoir maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil lena mbaineann

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 11 Meán Fómhair 2025 maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/2302 chun cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun gnéithe áirithe den Treoir a shimpliú agus a shoiléiriú (COM(2023)0905 – C9-0436/2023 – 2023/0435(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0140/2025).

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Chun na cuspóirí sin a shaothrú, leathnaíodh le Treoir (AE) 2015/2302 an sainmhíniú ar an téarma ‘pacáiste’ i gcomparáid le Treoir 90/314/CEE. Rinneadh sonrú breise i dTreoir (AE) 2015/2302 ar chearta taistealaithe atá ann cheana agus tugadh cearta nua isteach léi, amhail an ceart do thaistealaithe conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan táillí foirceanta, de réir coinníollacha áirithe, i gcás imthosca dosheachanta agus urghnácha. ***Ina theannta sin, le Treoir (AE) 2015/2302 cruthaíodh an coincheap nua den ‘socrú taistil gaolmhar’ lenar cuimsíodh áirithintí a rinneadh ag díolphointe amháin agus áirithintí ag díolphointí difriúla a dhéanann trádálaí ‘a éascú ar bhealach spriocdhírithe’. Caitear le socruithe taistil gaolmhara ar nós seirbhísí neamhspleácha den chuid is mó, ach tabharfar cosaint d’íocaíochtaí a fhaigheann trádálaí a éascaíonn socrú taistil gaolmhar in aghaidh dhócmhainneacht an trádálaí sin. Is é ab aidhm do Threoir (AE) 2015/2302 an trédhearcacht a áirithiú trí cheangal a chur ar thrádálaithe taistealaithe a chur ar an eolas faoi chineál an táirge taistil arna thairiscint dóibh agus faoi na***	(2) Chun na cuspóirí sin a shaothrú, leathnaíodh le Treoir (AE) 2015/2302 an sainmhíniú ar an téarma ‘pacáiste’ i gcomparáid le Treoir 90/314/CEE. Rinneadh sonrú breise i dTreoir (AE) 2015/2302 ar chearta taistealaithe atá ann cheana agus tugadh cearta nua isteach léi, amhail an ceart do thaistealaithe conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan táillí foirceanta, de réir coinníollacha áirithe, i gcás imthosca dosheachanta agus urghnácha.

cearta comhbhainteacha trí fhoirmeacha faisnéise caighdeánacha atá le fáil in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir sin.

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Cé go bhfuil Treoir (AE) 2015/2302 tar éis oibriú go maith ar an bhforiomlán, tháinig roinnt dúshlán anuas ó thús a cur i bhfeidhm an 1 Iúil 2018. Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 agus bearta rialtais gaolmhara ar an tionscal taistil agus ar thaistealaithe araon, agus nocht sí laigí áirithe leis sna samhlacha gnó a bhí i réim agus léirigh sí go bhféadfaí forálacha sonracha na Treorach a shoiléiriú.	(3) Cé go bhfuil Treoir (AE) 2015/2302 tar éis oibriú go maith ar an bhforiomlán, tháinig roinnt dúshlán anuas ó thús a cur i bhfeidhm an 1 Iúil 2018. Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 agus bearta rialtais gaolmhara ar an tionscal taistil agus ar thaistealaithe araon, agus nocht sí laigí áirithe leis sna samhlacha gnó a bhí i réim agus léirigh sí go bhféadfaí forálacha sonracha na Treorach a shoiléiriú. ***Thairis sin, in ainneoin na n-iarrachtaí a bhaineann leis an Treoir, chun trédhearcacht a áirithiú agus faisnéis shoiléir a sholáthar do thaistealaithe, tá easpa aonfhoirmeachta fós ann maidir le faisnéis a chur in iúl do thaistealaithe faoina gcearta.***

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Cé go meastar an sainmhíniú ar ‘phacáiste’ a bheith	(5) Cé go meastar an sainmhíniú ar ‘phacáiste’ a bheith

éifeachtach ar an bhforiomlán, ba cheart a sainmhíniú ar shocruithe taistil gaolmhara agus na rialacha maidir leo, ***chomh maith lena dteorannú ó phacáistí***, a shoiléiriú agus a shimpliú. Leis an soiléiriú agus an simpliú sin ar na sainmhínithe agus na coincheapa 'pacáiste' ***agus*** 'socruithe taistil gaolmhara' ba cheart an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú do gach páirtí, agus cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí, agus cothroime iomaíochta a áirithiú do thrádálaithe. An tráth céanna, ba cheart an líon foirmeacha faisnéise atá le húsáid ag trádálaithe agus taistealaithe á gcur ar an eolas i dtaobh a gceart a laghdú.

éifeachtach ar an bhforiomlán, ***chruthaigh*** an sainmhíniú ar shocruithe taistil gaolmhara agus na rialacha maidir leo ***níos mó castachta agus éiginnteacht dhlíthiúil, agus is annamh a úsáidtear iad sa chleachtas. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar 'pacáiste'*** a shoiléiriú agus a shimpliú, ***agus ba cheart na forálacha maidir le socruithe taistil gaolmhara a scriosadh ó Threoir (AE) 2015/2302***. Leis an soiléiriú agus an simpliú sin ar an sainmhíniú agus ar an gcoincheap 'pacáiste' ***agus le scriosadh tagairtí don choincheap*** 'socruithe taistil gaolmhara', ba cheart an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú do gach páirtí, agus cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí, agus cothroime iomaíochta a áirithiú do thrádálaithe. An tráth céanna, ba cheart an líon foirmeacha faisnéise atá le húsáid ag trádálaithe agus taistealaithe á gcur ar an eolas i dtaobh a gceart a laghdú. ***Agus an coincheap 'socruithe taistil gaolmhara' á scriosadh, ba cheart Iarscríbhinn II a scriosadh ina dhiaidh sin.***

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) I gcomhthéacs áirithintí ar líne, ba cheart an téarma 'iarrann' a thuiscint mar aon ghníomh de chuid an trádálaí a spreagann go gníomhach an

taistealaí conradh breise a dhéanamh le haghaidh cineál éagsúil seirbhíse taistil. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, tairiscintí spriocdhírithe a thabhairt don taistealaí le linn an phróisis áirithinte, nó hipearnaisc nó leideanna a sholáthar chun seirbhísí breise a chur in áirithe.

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart don phrionsabal faoi bhun an tsainmhínithe ar 'phacáiste' a bheith mar an gcéanna, go bhfuil dlúthnasc ann idir seirbhísí taistil difriúla a chuirtear in áirithe chun críocha an turais nó na saoire céanna. ***Chun a áirithiú nach mbeidh aon fhorluí ann idir an sainmhíniú ar 'taisteal láneagraithe' agus 'socrú taistil cuidithe' agus chun na deacrachtaí a bhaint d'idirdhealú a dhéanamh idir taisteal láneagraithe agus socruithe taistil cuidithe,*** ba cheart áirithintí de chineálacha difriúla seirbhísí taistil don turas nó don tsaoire chéanna ag díolphointe amháin ina roghnaítear na seirbhísí taistil sula dtugann an taistealaí an chéad chonradh i gcrích a mheas mar thaisteal láneagraithe ar an gcaoi chéanna le seirbhísí taistil arna gcur in áirithe ag díolphointe amháin laistigh de	(6) Ba cheart don phrionsabal faoi bhun an tsainmhínithe ar 'phacáiste' a bheith mar an gcéanna, agus dlúthnasc ann idir seirbhísí taistil éagsúla a chuirtear in áirithe chun críocha an turais nó na saoire céanna. Ba cheart áirithintí de chineálacha éagsúla seirbhísí taistil don turas nó don tsaoire chéanna ag díolphointe amháin ina roghnaítear na seirbhísí taistil sula dtugann an taistealaí an chéad chonradh i gcrích a mheas mar phacáistí ar an gcaoi chéanna le seirbhísí taistil arna gcur in áirithe ag díolphointe amháin laistigh de thréimhse ghairid. Sa dá chás, tá dlúthnasc ann idir áirithintí na seirbhísí taistil. Dá bhrí sin, ba cheart an dá chás a chumhdach leis an sainmhíniú ar 'phacáiste'.

thréimhse ghairid. Sa dá chás, tá dlúthnasc ann idir áirithintí na seirbhísí taistil. Dá bhrí sin, ba cheart an dá chás a chumhdach leis an sainmhíniú ar ‘phacáiste’, ***agus ba cheart na háirithintí a dhéantar ar chuairt shingil nó ar theagmháil le díolphointe amháin a bhaint ón sainmhíniú ar shocrú taistil gaolmhar***.

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) I gcomhthéacs áirithintí a dhéantar laistigh de thréimhse ghairid ag díolphointe amháin, is beart iomchuí é an critéar cuibheasach éiginnte de ‘cuairt nó teagmháil shingil’ a ionadú. Dá bhrí sin, ba cheart áirithintí de chineálacha difriúla seirbhísí taistil don turas nó saoire chéanna ***a dhéantar laistigh de 3 uair an chloig a mheas ina bpacáistí i gcónaí***. ***Ba cheart go mbeadh feidhm leis an méid céanna***, i gcás ina n-iarrann trádálaí ar thaistealaí, roimh ***chur i gcrích*** na chéad ***áirithinte***, seirbhísí breise a chur in áirithe don turas nó saoire chéanna ***tar éis an chéad áirithint a chur i gcrích, agus i gcás ina dtarlaíonn áirithintí ina dhiaidh sin*** laistigh de 24 uair an chloig ***tar éis thabhairt i gcrích*** an chéad ***chonartha***.	(7) I gcomhthéacs áirithintí a dhéantar laistigh de thréimhse ghairid ag díolphointe amháin, is beart iomchuí é an critéar cuibheasach éiginnte de ‘cuairt nó teagmháil shingil’ a ionadú. Dá bhrí sin, áirithintí de chineálacha éagsúla seirbhísí taistil don turas nó saoire chéanna, i gcás ina n-iarrann trádálaí go gníomhach ar thaistealaí, ***sula n-aontaíonn an taistealaí íoc as an*** gcéad ***seirbhís taistil***, seirbhís bhreise ***amháin nó níos mó*** a chur in áirithe don turas nó saoire chéanna laistigh de 24 uair an chloig tar éis don taistealaí ***aontú íoc as*** an gcéad ***seirbhís***, ***ba cheart iad a mheas mar phacáistí***. ***Chun críche na Treorach seo, ba cheart a mheas go bhfuil trádálaí ag iarraidh go gníomhach ar thaistealaí seirbhís a chur in áirithe nuair a dhéanann sé an tairiscint díolacháin i dtrácht a bharrfheabhsú nó nuair a chuireann sé tairiscint den**

sórt sin chun cinn.

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) An sainmhíniú ar phacáiste a chuirtear le chéile trí phróisis áirithinte ar líne idirnasctha in Airteagal 3(2)(b)(v) de Threoir (AE) 2015/2302, inar ghá ainm, sonraí íocaíochta agus seoladh ríomhphoist an taistealaí a tharchur ó thrádálaí amháin go trádálaí eile, tá cruthúnas ann gur sainmhíniú róchúng é. Dá bhrí sin, is beart iomchuí é áirithintí a mheas ***mar 'phacáiste'*** ar áirithintí de chineálacha difriúla seirbhísí taistil don turas nó saoire chéanna iad ina n-aistríonn an trádálaí is páirtí sa chéad chonradh ***ceachtar*** d'ainm, sonraí íocaíochta, seoladh ríomhphoist an taistealaí nó ***aon sonraí pearsanta eile de chuid an taistealaí chuig trádálaí*** is páirtí sa dara conradh nó i gconradh breise. Le haistriú sonraí pearsanta ***den sórt sin*** léirítear dlúthnasc idir na háirithintí/conarthaí ***sa mhéid gur féidir déanamh d'uireasa an chritéir maidir le 24 uair an chloig don dara háirithint agus gur cheart é a bhaint***.	(8) An sainmhíniú ar phacáiste a chuirtear le chéile trí phróisis áirithinte ar líne idirnasctha in Airteagal 3(2)(b)(v) de Threoir (AE) 2015/2302, inar ghá ainm, sonraí íocaíochta agus seoladh ríomhphoist an taistealaí a tharchur ó thrádálaí amháin go trádálaí eile, tá cruthúnas ann gur sainmhíniú róchúng é. Dá bhrí sin, is iomchuí áirithintí de chineálacha éagsúla seirbhísí taistil don turas nó saoire céanna a mheas ***mar 'phacáiste'*** i gcás ina n-aistríonn an trádálaí is páirtí sa chéad chonradh ***sonraí pearsanta an taistealaí*** chuig trádálaí is páirtí sa dara conradh nó i gconradh breise***. Le haistriú sonraí pearsanta den sórt sin, ba cheart a chur ar chumas na dtrádálaithe lena mbaineann a shuíomh gur páirtí sna conarthaí ábhartha é an taistealaí céanna agus d'fhéadfaí a áireamh leis, mar shampla,*** ainm, sonraí íocaíochta, seoladh ríomhphoist nó ***uimhir theileafóin*** an taistealaí***.*** Le haistriú sonraí pearsanta, léirítear dlúthnasc idir na háirithintí/conarthaí

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach
Aithris 9

(9) Leis an sainmhíniú ar ‘shocrú taistil gaolmhar’ ba cheart cásanna ina n-iarrann trádálaí is páirtí sa chéad chonradh agus a fhaigheann íocaíochtaí ón taistealaí nó ar a shonsan ar thaistealaí chun cineálacha breise seirbhísí taistil a chur in áirithe don turas nó saoire chéanna. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don trádálaí is páirtí sa chéad chonradh cosaint ar dhócmhainneacht a fháil. Thairis sin, chun a áirithiú go lántairbhíonn roinnt taistealaithe de na rialacha maidir le cosaint ar dhócmhainneacht agus go mbeidh a fhios ag trádálaithe go bhfuil siad faoi réir na hoibleagáide sin, is beart iomchuí é go moltar do thaistealaithe sna foirmeacha faisnéise um shocruithe taistil gaolmhara an iarraidh agus an áirithint bhreise a thaifeadadh, mar shampla trí sheatanna scáileáin, agus leis an trádálaí a chur ar an eolas lenar cuireadh i gcrích an chéad chonradh go bhfuil conradh maidir le cineál breise seirbhíse taistil tugtha i gcrích don turas nó saoire chéanna laistigh de 24 uair an chloig tar éis don trádálaí an méid sin a iarraidh. Cheanglófaí ar an trádálaí saoráid a chur ar fáil do thaistealaithe, amhail seoladh ríomhphoist nó suíomh gréasáin, ina bhféadann taistealaithe faisnéis den sórt sin a chlárú agus ina ***scriosta***

dtabharfaidh siad admháil go bhfuil an fhaisnéis sin faighte acu.

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) A mhéid a bhaineann le pacáistí, ina gcuirtear an chóiríocht mar shampla i gceangal le seirbhísí turasóireachta eile, ach nach bhfuil aon iompar paisinéirí i gceist leo, ba cheart an critéar ginearálta de 'chion suntasach' de luach an chomhcheangail, ag a bhfuil feidhm maidir le seirbhísí turasóireachta dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d), a ionadú leis an gcritéar níos sonraí 'ar a laghad 25 %' chun an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú.	(10) A mhéid a bhaineann le pacáistí, ina gcuirtear an chóiríocht mar shampla i gceangal le seirbhísí turasóireachta eile, ach nach bhfuil aon iompar paisinéirí i gceist leo, ba cheart an critéar ginearálta de 'chion suntasach' de luach an chomhcheangail, ag a bhfuil feidhm maidir le seirbhísí turasóireachta dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d), a ionadú leis an gcritéar níos sonraí 'ar a laghad 25 %' chun an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú. ***Ba cheart a thabhairt faoi deara nár cheart go gcruthófaí pacáiste mar thoradh ar ghníomhaíochtaí éagsúla ar an láthair a sholáthraítear mar dhlúthchuid de chóiríocht nó a bhaineann go hiondúil le cóiríocht, gan beann ar a luach, mura ndéantar na seirbhísí sin a chomhcheangal ach le cóiríocht.***

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Tá rioscaí áirithe ann atá de dhlúth agus d'inneach an chleachtais gnó ina n-éilítear réamhíocaíochtaí, go háirithe i gcásanna ina gceanglaítear ar eagraithe méideanna suntasacha a aisíoc le taistealaithe ar thurais a cuireadh ar ceal laistigh de thréimhse ghairid. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh ***nár*** cheart éarlaisí, is é sin le rá íocaíochtaí a iarrtar ar thaistealaithe tráth na háirithinte nó go gairid ina dhiaidh sin, ***a bheith níos airde ná 25 % de phraghas iomlán an phacáiste, agus gur cheart cosc a chur ar eagraithe nó, i gcás inarb infheidhme, ar mhiondíoltóirí íoc an mhéid atá gan íoc a iarraidh níos luaithe ná 28 lá roimh thús an phacáiste***. ***An tráth céanna, ba cheart d'eagraithe agus, i gcás inarb infheidhme, do mhiondíoltóirí a bheith in ann*** éarlaisí ***níos airde a iarraidh i gcás inar gá sin chun eagrú agus feidhmíocht chuí an phacáiste a áirithiú***. Is féidir ***an leibhéal éarlaisí arna iarraidh ag eagraithe a chosaint trí réamhíocaíochtaí le soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear i gcás inar leis an ngrúpa céanna cuideachtaí leis an eagraí iad, nó tríd an ngá chun costais an eagraí a chumhdach a bhaineann go díreach le heagrú agus feidhmíocht an phacáiste tráth na háirithinte nó go gairid ina dhiaidh sin***. ***D'fhéadfaí, i gcás inarb infheidhme, coimisiúin arna n-iarraidh ag***	(12) Tá rioscaí áirithe ann atá de dhlúth agus d'inneach an chleachtais gnó ina n-éilítear réamhíocaíochtaí, go háirithe i gcásanna ina gceanglaítear ar eagraithe méideanna suntasacha a aisíoc le taistealaithe ar thurais a cuireadh ar ceal laistigh de thréimhse ghairid. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh gur cheart éarlaisí, is é sin le rá íocaíochtaí a iarrtar ar thaistealaithe tráth na háirithinte nó go gairid ina dhiaidh sin, ***a shocrú ar leibhéal iomchuí***. Féadfaidh éarlaisí a bheith ***faoi réir teorainneacha bunaithe ar dhlínse náisiúnta***.

miondíoltóirí a áireamh leis sin.

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Níor cheart go mbeadh ríomhanna difriúla de dhíth le haghaidh gach pacáiste leis an leibhéal réamhíocaíochtaí, ach is féidir é a shuí le haghaidh grúpaí pacáistí lena mbaineann saintréithe comhchosúla maidir le riachtanas na réamhíocaíochta. Ba cheart go leanfaí d'oibleagáid a cheangal ar eagraithe, i gcás inarb ábhartha, taistealaithe a chur ar an eolas, roimh thabhairt i gcrích an chonartha, maidir leis na réamhíocaíochtaí a iarrann siad.	***scriosta***

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Óir nach bhfuil teorannú na réamhíocaíochtaí comhoiriúnach le coincheap na mboscaí bronntanais taistil láneagraithe dá dtagraítear in Airteagal 3(5)(b)(iv) de Threoir (AE) 2015/2302 agus pacáistí a chuirtear in áirithe níos lú ná 28 lá roimh thús an	***scriosta***

phacáiste, ba cheart an dá chineál pacáistí sin a dhíolmhú ó theorannú na réamhíocaíochtaí airleacain a thugtar isteach leis an Treoir seo.

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) In imthosca áirithe is féidir le dearbháin dheonacha le taistealaithe a bheith ina malairt rogha úsáideach ar aisíocaíochtaí. Is féidir níos mó solúbthachta a thabhairt d'eagraithe le dearbháin, go háirithe más gá dóibh dul i ngleic leis an oibleagáid roinnt mhaith aisíocaíochtaí a dhéanamh laistigh de thréimhse ghairid. An tráth céanna, is féidir le dearbháin a bheith inghlactha do thaistealaithe nach dteastaíonn aisíoc ar an toirt uathu, fad a bhíonn ráthaíochtaí sonracha dlíthiúla ann. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha soiléire maidir le dearbháin a leagan síos ina dtabharfaí na ráthaíochtaí sin. Ba cheart trédhearcacht maidir le cineál deonach agus príomh-shaintréithe na ndearbhán a áireamh leis na ráthaíochtaí sin, chomh maith le trédhearcacht maidir le cearta taistealaithe i ndáil le dearbháin, mar shampla, an chaoi a dtugtar cosaint dóibh ar dhócmhainneacht an eagraí agus go bhfuil taistealaithe i dteideal aisíoc uathoibríoch i gcás nach bhfuasclaítear dearbhán le linn a thréimhse bailíochta.	(16) In imthosca áirithe is féidir le dearbháin dheonacha le taistealaithe a bheith ina malairt rogha úsáideach ar aisíocaíochtaí. Is féidir níos mó solúbthachta a thabhairt d'eagraithe le dearbháin, go háirithe más gá dóibh dul i ngleic leis an oibleagáid roinnt mhaith aisíocaíochtaí a dhéanamh laistigh de thréimhse ghairid. An tráth céanna, is féidir le dearbháin a bheith inghlactha do thaistealaithe nach dteastaíonn aisíoc ar an toirt uathu, fad a bhíonn ráthaíochtaí sonracha dlíthiúla ann. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha soiléire maidir le dearbháin a leagan síos ina dtabharfaí na ráthaíochtaí sin. Ba cheart trédhearcacht maidir le cineál deonach agus príomh-shaintréithe na ndearbhán a áireamh leis na ráthaíochtaí sin, chomh maith le trédhearcacht maidir le cearta taistealaithe i ndáil le dearbháin, mar shampla, an chaoi a dtugtar cosaint dóibh ar dhócmhainneacht an eagraí agus go bhfuil taistealaithe i dteideal aisíoc uathoibríoch i gcás nach bhfuasclaítear dearbhán le linn a thréimhse bailíochta. ***Ba***

Féadfaidh eagraithe mealltacht na ndearbhán a mhéadú, mar shampla, trí ***mhéid*** an dearbháin a mhéadú i gcomparáid le ceart an taistealaí ar aisíocaíocht. Sna cásanna sin, ba cheart don chosaint ar dhócmhainneacht a bheith teoranta do mhéid ***na n-íocaíochtaí a fhaightear ón taistealaí***.	***cheart go bhféadfaí an dearbhán a úsáid le haghaidh aon seirbhísí arna moladh ag an eagraí. Ba cheart d'***eagraithe ***a bheith in ann*** mealltacht na ndearbhán a mhéadú, mar shampla, ***trína luach*** a mhéadú i gcomparáid le ceart an taistealaí ar aisíocaíocht. Sna cásanna sin, ba cheart don chosaint ar dhócmhainneacht a bheith teoranta do mhéid ***chearta an taistealaí ar aisíocaíocht.***
Leasú 14	
Togra le haghaidh treorach **Aithris 16 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a)Má tá pacáiste comhcheangailte ag eagraí agus má tá an pacáiste sin comhdhéanta de sheirbhísí ó dhá sholáthraí seirbhíse taistil éagsúla nó níos mó, ba cheart feidhm a bheith ag an dearbhán maidir leis an eagraí lenar cuireadh an pacáiste in áirithe agus níor cheart é a roinnt idir soláthraithe seirbhíse taistil éagsúla a bhfuil an t-eagraí ag comhoibriú leo.
Leasú 15	
Togra le haghaidh treorach **Aithris 18**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) ***Leis an iliomad cásanna a d'fhéadfaí a shamhlú óna***	(18) Ba cheart a shoiléiriú gur féidir foirceannadh conartha a

bhféadfadh foirceannadh an chonartha taistil láneagraithe teacht de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha a dhéanann difear suntasach do chomhlíonadh pacáiste, is gá measúnú cás ar chás a dhéanamh, mar shampla, i bhfianaise chineál agus mhéid na n-imthosca sin. Ba cheart a shoiléiriú gur féidir foirceannadh conartha a dhéanamh más féidir coinne réasúnach a bheith leis go ndéanfar difear suntasach dá fheidhmíocht le himthosca dosheachanta agus urghnácha.

dhéanamh más féidir coinne réasúnach a bheith leis go ndéanfar difear suntasach ***agus oibiachtúil*** dá fheidhmíocht le himthosca dosheachanta agus urghnácha, ***rud a éilíonn measúnú cás ar chás***. ***An measúnú i dtaobh an mbeidh éifeachtaí suntasacha agus oibiachtúla ag imthosca dosheachanta agus urghnácha ar fheidhmíocht an phacáiste, ba cheart é a bheith bunaithe ar thuar, tráth fhoirceannadh an chonartha, maidir leis an dóchúlacht go mbeidh éifeachtaí suntasacha agus oibiachtúla ag na himthosca dosheachanta agus urghnácha ar fheidhmíocht an phacáiste. I gcás ina bhfoirceannann taistealaí an conradh, ba cheart measúnú den sórt sin a dhéanamh ó thaobh dearcadh meántaistealaí atá réasúnta eolach agus réasúnta géarchúiseach agus cáiréiseach, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil ar dháta foirceanta an chonartha taistil láneagraithe i dtrácht. Ba cheart éifeachtaí imthosca dosheachanta agus urghnácha a tharlaíonn ag an áit imeachta, ag an gceann scríbe, lena n-áirítear a gharchomharsanacht, nó a dhéanann difear don turas go dtí an ceann scríbe nó ón gceann scríbe, lena n-áirítear na háiteanna éagsúla a bhaineann le tús agus filleadh an turais i dtrácht, a chur san áireamh i gcás ina ndéanann siad difear d'fheidhmíocht na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe ábhartha. Níor cheart imthosca nach ndéanann***

difear ach don turas chuig an gceann scríbe nó don turas fillte a chur san áireamh mura bhfuil an turas sin mar chuid den chonradh taistil láneagraithe, lena n-áirítear iompar an phaisinéara chuig an áit imeachta chomhaontaithe.

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Le linn phaindéim COVID-19, tháinig léirmhínithe difriúla anuas maidir le cearta cealúcháin de bharr ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hábharthacht na rabhadh taistil. Is beart iomchuí dá bhrí sin é gur eilimintí tábhachtacha iad na rabhaidh oifigiúla taistil don cheann scríbe taistil arna n-eisiúint ag údaráis Bhallstát thír chónaithe nó imeachta an taistealaí nó a thír cinn scríbe, agus measúnú á dhéanamh ar ***an réasúnú*** le foirceannadh conartha. Ba cheart ***a shoiléiriú freisin go mbaineann ábharthacht le*** srianta tromchúiseacha ag an gceann scríbe taistil nó ***ag a mbeidh feidhm tar éis filleadh ón turas nó ón tsaoire, amhail*** ceanglais choraintín a mhaireann go ceann tréimhse shuntasach, ***agus measúnú á dhéanamh ar*** an ***réasúnú le*** foirceannadh conartha ***taistil láneagraithe***.	(19) Le linn phaindéim COVID-19, tháinig léirmhínithe éagsúla anuas maidir le cearta cealúcháin de bharr ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hábharthacht na rabhadh taistil. Is beart iomchuí dá bhrí sin é gur eilimintí tábhachtacha iad na rabhaidh oifigiúla taistil don cheann scríbe taistil arna n-eisiúint ag údaráis Bhallstát thír chónaithe nó imeachta an taistealaí nó a thír cinn scríbe, agus measúnú á dhéanamh ***an bhfuil bonn cirt*** le foirceannadh conartha. ***Ina theannta sin, in éagmais rabhaidh oifigiúla taistil, níor cheart go gcuirfí cosc ar na himthosca sin a shuíomh ná ar a n-éifeachtaí ar fheidhmíocht an phacáiste a shuíomh. Is féidir le himthosca dosheachanta agus urghnácha ní hamháin imthosca a dhéanann difear d’fheidhmíocht phacáiste a chumhdach, ach freisin imthosca a chiallaíonn, gan cosc a chur ar an***

bhfeidhmíocht sin, nach féidir an pacáiste a fheidhmiú gan na taistealaithe lena mbaineann a nochtadh do rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht. Ba cheart ábharthacht na n-imthosca sin agus a n-éifeachtaí a mheasúnú go hoibiachtúil, agus aird á tabhairt, i gcás inarb iomchuí, ar a mhéid atá na taistealaithe lena mbaineann neamhchosanta ar riosca. Ós rud é, de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha, go mbeidh taistealaithe faoi réir srianta tromchúiseacha ag an gceann scríbe taistil nó ***ag a n-áit imeachta, lena n-áirítear*** ceanglais choraintín ar feadh tréimhse shuntasach, ***ba cheart measúnú a dhéanamh air sin freisin agus breithniú á dhéanamh an bhfuil údar le*** foirceannadh conartha.

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Ba cheart a shoiléiriú freisin, go mbíonn feidhm ag an tréimhse aisíocaíochta 14 lá, a ghintear le foirceannadh an chonartha, gan beann ar cé acu a iarrann nó nach n-iarrann an taistealaí go sonrach ar aisíocaíocht a fháil.	(20) Ba cheart a shoiléiriú freisin, go mbíonn feidhm ag an tréimhse aisíocaíochta 14 lá, a ghintear le foirceannadh an chonartha, gan beann ar cé acu a iarrann nó nach n-iarrann an taistealaí go sonrach ar aisíocaíocht a fháil. ***Thairis sin, ba cheart a shonrú go n-aisíocfaidh an t-eagraí na híocaíochtaí uile arna ndéanamh ag an taistealaí nó thar a cheann i leith an***

	phacáiste.
Leasú 18	
Togra le haghaidh treorach **Aithris 21 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a)Faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit a gcórais cosanta ar dhócmhainneacht is infheidhme laistigh dá gcríocha a shainiú, lena n-áirítear na nósanna imeachta gaolmhara agus na modhanna chun faisnéis a sholáthar maidir le cosaint ar dhócmhainneacht trí na bealaí cumarsáide is éifeachtaí atá ar fáil. Tá sé tábhachtach, a luaithe a tharlaíonn dócmhainneacht, go mbeadh an fhaisnéis uile is gá ar fáil curtha do thaistealaithe chun leas a bhaint as cearta cosanta ar dhócmhainneacht. Dá réir sin, ba cheart do na Ballstáit eintiteas nó eintitis ábhartha a ainmniú, a bheidh freagrach as an bhfaisnéis is gá a sholáthar. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis a bhaineann leis na scéimeanna cosanta ar dhócmhainneacht agus na lárphointí teagmhála sin a lárú, agus í a chur ar fáil don phobal ar a shuíomh gréasáin.
Leasú 19	
Togra le haghaidh treorach **Aithris 22**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(22) Chun éifeachtacht na cosanta ar dhócmhainneacht a áirithiú do thaistealaithe i gcónaí, ba cheart foráil a dhéanamh gur leordhóthanach é an t-urrús le costais a chumhdach d'aisíocaíochtaí i gcásanna ina dtarlaíonn aon dócmhainneacht nuair a bhíonn eagraí i seilbh na méideanna íocaíochtaí is airde. Aon mhéadú ar na méideanna sin de bharr líon pacáistí níos airde a bheith díolta ná mar a bhí coinne leis thar thréimhse faoi leith, ba cheart an méadú sin a chur san áireamh. Ba cheart a shoiléiriú gur cheart do Bhallstáit maoirsiú a dhéanamh ar chosaint eagraithe ar dhócmhainneacht, agus faireachán a dhéanamh ar an bhforáil maidir le cosaint ar dhócmhainneacht agus mar sin de. ***Dá mba ghá, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an dara leibhéal cosanta a fháil, amhail ciste cúltaca. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha, mar shampla, i gcás nach dtugtar an leibhéal cosanta atá de dhíth faoi na beartais árachais.*** Ba cheart de ghnáth do chistí cúltaca den sórt sin a bheith á maoiniú go heisiach trí ranníocaíochtaí ó eagraithe. Ba cheart a shoiléiriú nach féidir leis na Ballstáit bearta den sórt sin a chómhaoiniú ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus a athdhearbhú go bhfuil na forálacha sin gan dochar d'fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair a mhéid a bhaineann Státchabhair leis na bearta sin.

Leasú

(22) Chun éifeachtacht na cosanta ar dhócmhainneacht a áirithiú do thaistealaithe i gcónaí, ba cheart foráil a dhéanamh gur leordhóthanach é an t-urrús le costais a chumhdach d'aisíocaíochtaí agus aisdúichiú i gcásanna ina dtarlaíonn aon dócmhainneacht nuair a bhíonn eagraí i seilbh na méideanna íocaíochtaí is airde. Aon mhéadú ar na méideanna sin de bharr líon pacáistí níos airde a bheith díolta ná mar a bhí coinne leis thar thréimhse faoi leith, ba cheart an méadú sin a chur san áireamh. Ba cheart a shoiléiriú gur cheart do Bhallstáit maoirsiú a dhéanamh ar chosaint eagraithe ar dhócmhainneacht agus faireachán a dhéanamh ar an margadh maidir le soláthar cosanta ar dhócmhainneacht. Ba cheart a shoiléiriú nach féidir leis na Ballstáit bearta den sórt sin a chómhaoiniú ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus a athdhearbhú go bhfuil na forálacha sin gan dochar d'fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair a mhéid a bhaineann Státchabhair leis na bearta sin.

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Is rud tábhachtach é go gcuirtear taistealaithe ar an eolas i gceart maidir lena gcearta, gur féidir leo an fhaisnéis a thugtar dóibh a thuiscint agus go mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin nuair a bheidh sí de dhíth orthu. Dá bhrí sin, ba cheart athruithe áirithe a dhéanamh maidir le ceanglais faisnéise réamhchonarthacha, ábhar conartha taistil láneagraithe agus na foirmeacha faisnéise caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2302. Mar shampla, ba cheart a shonrú sna foirmeacha faisnéise caighdeánacha in Iarscríbhinn I an trádálaí atá freagrach as aisíocaíochtaí as pacáistí a cuireadh ar ceal. Ba cheart an ceart chun conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan táille de bharr imthosca dosheachanta agus neamhghnácha a thabhairt nó an deis a thabhairt pacáiste a chur ar ceal faoi réir táille cealaithe. Ina theannta sin, ba cheart oibleagáid a bheith ar na heagraithe an fhoirm faisnéise chaighdeánach a chur leis an gconradh ionas go mbeidh sé ar fáil do thaistealaithe tar éis thabhairt i gcrích an chonartha, i dteannta sonraí teagmhála na dtrádálaithe ábhartha.	(25) Is rud tábhachtach é go gcuirtear taistealaithe ar an eolas i gceart maidir lena gcearta, gur féidir leo an fhaisnéis a thugtar dóibh a thuiscint agus go mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin nuair a bheidh sí de dhíth orthu. Dá bhrí sin, ba cheart athruithe áirithe a dhéanamh maidir le ceanglais faisnéise réamhchonarthacha, ábhar conartha taistil láneagraithe agus na foirmeacha faisnéise caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2302. Mar shampla, ba cheart a shonrú sna foirmeacha faisnéise caighdeánacha in Iarscríbhinn I an trádálaí atá freagrach as aisíocaíochtaí as pacáistí a cuireadh ar ceal. Ba cheart an ceart chun conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan táille de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha a thabhairt taobh leis an deis pacáiste a chur ar ceal faoi réir táille cealaithe. Ina theannta sin, ba cheart oibleagáid a bheith ar na heagraithe an fhoirm faisnéise chaighdeánach a chur leis an gconradh ionas go mbeidh sé ar fáil do thaistealaithe tar éis thabhairt i gcrích an chonartha, i dteannta sonraí teagmhála na dtrádálaithe ábhartha. ***Chun a áirithiú go gcuirfear taistealaithe ar an eolas go cuí faoina gcearta, ba cheart d'eagraithe cúnamh inrochtana a chur ar fáil do***

	thaistealaithe, go háirithe taistealaithe leochaileacha, trí ionad ilfhreastail. Ba cheart bealaí cumarsáide digiteacha a aithint mar phríomhuirlis chun faisnéis atá cothrom le dáta agus pearsantaithe faoi chearta paisinéirí a sholáthar i gcónaí. Ba cheart d'eagraithe an fhaisnéis sin a chur ar fáil go huathoibríoch agus go réamhghníomhach, go háirithe i gcás eachtra ar dócha go mbeidh tionchar aici ar an bpacáiste, chun an sreabhadh faisnéise chuig an taistealaí agus chuig an eagraí a éascú. Ba cheart tús áite a thabhairt do bhealaí cumarsáide digiteacha, gan dochar a dhéanamh do chúnamh paisinéirí a sholáthraítear ag cuntair fhisiceacha.
Leasú 21	
Togra le haghaidh treorach **Aithris 25 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(25a)Ba cheart comhlíonadh na Treorach seo a bheith in-fhorfheidhmithe trí bhíthin pionóis agus bearta forfheidhmiúcháin eile a fhorchur. Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear forálacha na Treorach seo chun feidhme, lena n-áirítear trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach

seo a leagan síos. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go n-urramófar an prionsabal ne bis in idem. Agus méid na bhfíneálacha á mheasúnú, ba cheart do na Ballstáit, i ngach cás aonair, imthosca ábhartha uile an cháis shonraigh a chur san áireamh, agus aird chuí á tabhairt go háirithe ar chineál, tromchúis, scála agus fad an tsáraithe agus a iarmhairtí agus ar mhéid an tsoláthraí, go háirithe más FBM an soláthraí, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta.

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 1	Airteagal 1
Ábhar	Ábhar
Is é is cuspóir don Treoir seo rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus leibhéal cosanta tomhaltóirí ard agus a aonfhoirmí agus is féidir a bhaint amach trí ghnéithe áirithe de dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú agus a shimpliú a mhéid a bhaineann le conarthaí idir taistealaithe agus trádálaithe i ndáil leis an taisteal láneagraithe agus ***socruithe taistil nasctha, chomh maith le*** gnéithe áirithe de chonarthaí idir eagraithe pacáistí agus soláthraithe seirbhíse.	Is é is cuspóir don Treoir seo rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus leibhéal cosanta tomhaltóirí ard agus a aonfhoirmí agus is féidir a bhaint amach trí ghnéithe áirithe de dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú ***agus a shimpliú*** a mhéid a bhaineann le conarthaí idir taistealaithe agus trádálaithe i ndáil le taisteal láneagraithe agus gnéithe áirithe de chonarthaí idir eagraithe pacáistí agus soláthraithe seirbhíse ***taistil, agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha faisnéise i roinnt***

	cásanna nach mbíonn cruthú pacáiste mar thoradh orthu.

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm leis an Treoir seo maidir le taisteal láneagraithe arna gcur ar fáil le díol nó arna ndíol ag trádálaithe le taistealaithe ***agus maidir le socruithe taistil cuidithe arna n-éascú ag trádálaithe do thaistealaithe***.	Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le pacáistí arna gcur ar fáil le díol nó arna ndíol ag trádálaithe le taistealaithe.

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 2 – mír 2 – pointe a

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2a) in Airteagal 2(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
(a) pacáistí ***agus socruithe taistil gaolmhara*** lena gcumhdaítear tréimhse níos lú ná 24 uair an chloig ach amháin má tá cóiríocht thar oíche san áireamh;	‘(a) pacáistí lena gcumhdaítear tréimhse níos lú ná 24 uair an chloig ach amháin má tá cóiríocht thar oíche san áireamh;’

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 2 – mír 2 – pointe b

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2b) in Airteagal 2(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
(b) pacáistí a thairgtear***, agus socruithe taistil gaolmhara a éascaítear,*** ó am go chéile agus ar bhonn neamhbhrabúis agus do ghrúpa teoranta taistealaithe amháin;	‘(b) pacáistí a thairgtear ó am go chéile agus ar bhonn ‘neamhbhrabúis’ agus do ghrúpa teoranta taistealaithe amháin;’

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 2 – pointe 2 c (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 2 – mír 2 – pointe c

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2c) in Airteagal 2(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
(c) pacáistí ***agus socruithe taistil gaolmhara*** arna gceannach ***ar bhonn comhaontú ginearálta*** maidir le socrú taistil gnó idir trádálaí agus duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá ag gníomhú chun críocha a bhaineann lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm.	‘(c) pacáistí arna gceannach le haghaidh socrú taistil gnó idir trádálaí agus duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá ag gníomhú chun críocha a bhaineann lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm.’

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) go gceannaítear na seirbhísí sin ó dhíolphointe aonair agus	(i) go gceannaítear na seirbhísí sin ó dhíolphointe aonair ***agus go roghnaítear iad sula n-aontaíonn an taistealaí íoc, nó***
– ***gur roghnaíodh iad sula n-aontaíonn an taistealaí íoc,***	
– ***go gcuirtear cineálacha eile seirbhísí taistil in áirithe laistigh de 3 uair an chloig tar éis don taistealaí aontú chun íoc as an gcéad seirbhís taistil, nó***	
– go gcuirtear cineálacha eile seirbhísí taistil in áirithe laistigh de 24 uair an chloig tar éis don taistealaí íoc as an gcéad seirbhís taistil agus más rud é, sular aontaigh an taistealaí íoc as an gcéad seirbhís taistil, gur iarr an trádálaí ar an taistealaí cineál amháin nó níos mó de sheirbhísí taistil a chur in áirithe, nó	

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ia) más rud é, sula n-aontaíonn an taistealaí íoc as an gcéad seirbhís taistil, go n-iarrann an trádálaí go gníomhach ar an taistealaí cineál amháin nó níos mó de sheirbhísí taistil breise a chur in áirithe ag an díolphointe

céanna laistigh de 24 uair an chloig tar éis dó aontú íoc as an gcéad seirbhís, nó

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) go dtairgtear, go ndíoltar nó go n-íoctar iad ar phraghas cuimsitheach nó iomlán, gan beann ar aon bhilleáil ar leithligh, nó	(ii) go dtairgtear, go ndíoltar nó go n-íoctar iad ar phraghas cuimsitheach nó iomlán, gan beann ar aon bhilleáil ar leithligh, nó

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) go ndéantar fógraíocht orthu nó go ndíoltar iad faoin téarma ‘pacáiste’ nó faoi théarma comhchosúil, nó	(iii) go ndéantar fógraíocht orthu nó go ndíoltar iad faoin téarma ‘pacáiste’ nó faoi théarma comhchosúil, nó

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe iv

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iv) go gcomhcheanglaítear iad tar éis conradh a thabhairt i gcrích trína dtugann trádálaí teidlíocht don taistealaí roghnú as measc rogha cineálacha difriúla seirbhísí taistil, nó	(iv) go gcomhcheanglaítear iad tar éis conradh a thabhairt i gcrích trína dtugann trádálaí teidlíocht don taistealaí roghnú as measc rogha cineálacha éagsúla seirbhísí taistil, nó

Leasú 32

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe v

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(v) go gceannaítear ó thrádálaithe ar leithligh trí phróisis áirithinte ar líne idirnasctha iad ina dtarchuirtear ***ainm, sonraí íocaíochta, agus seoladh ríomhphoist nó*** sonraí pearsanta ***eile an taistealaí*** ón trádálaí lena dtugtar i gcrích an chéad chonradh chuig trádálaí nó trádálaithe ***eile***.	(v) go gceannaítear ó thrádálaithe ar leithligh iad trí phróisis áirithinte ar líne idirnasctha ina ndéantar sonraí pearsanta an taistealaí***, trínar féidir an taistealaí a shainaithint mar pháirtí conarthach,*** a tharchur ón trádálaí lena dtugtar i gcrích an chéad chonradh chuig trádálaí eile ***nó trádálaithe eile agus ina dtugtar conradh nó conarthaí i gcrích 24 uair an chloig ar a dhéanaí tar éis áirithint na chéad seirbhíse taistil leis an trádálaí deireanach nó na*** trádálaithe ***deireanacha sin a dheimhniú***,

Leasú 33

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe v a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(va) nó aon chás eile ina gcomhaontaíonn na páirtithe na seirbhísí taistil arna gcur in áirithe a mheas mar phacáiste.

Leasú 34

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** phointe 5***:***	(b) ***scriostar*** pointe 5
‘(5) ciallaíonn ‘socrú taistil gaolmhar’ comhcheangal de chineálacha difriúla seirbhísí taistil, nach dtagann faoin sainiú ar phacáiste i bpointe 2, i gcás ina n-iarrann trádálaí is páirtí i gconradh maidir le soláthar seirbhíse taistil agus a fhaigheann íocaíochtaí ón taistealaí nó ar a shonsan ar thaistealaí cineál breise seirbhíse taistil a chur in áirithe ó thrádálaí eile chun críche an turais nó na saoire céanna, agus i gcás ina dtugtar conradh maidir le soláthar seirbhíse taistil breise i gcrích ar a dhéanaí 24 uair an chloig tar éis don chéad chonradh a bheith curtha in áirithe.”	

Leasú 35

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7

An téacs atá ann	*Leasú*
	(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7:
(7) ciallaíonn 'trádálaí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, gan beann ar é a bheith faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, atá ag gníomhú, lena n-áirítear trí aon duine eile atá ag gníomhú faoina ainm nó thar a cheann, chun críocha a bhfuil baint acu lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm maidir le conarthaí a chumhdaítear leis an Treoir seo, bíodh sé ag gníomhú i gcáil eagraí, miondíoltóra, ***trádálaí a éascaíonn socrú taistil gaolmhar*** nó mar sholáthraí seirbhíse taistil;	'(7) ciallaíonn 'trádálaí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, gan beann ar é a bheith faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, atá ag gníomhú, lena n-áirítear trí aon duine eile atá ag gníomhú faoina ainm nó thar a cheann, chun críocha a bhfuil baint acu lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm i ndáil le conarthaí a chumhdaítear leis an Treoir seo, bíodh sé ag gníomhú i gcáil eagraí, miondíoltóra nó mar sholáthraí seirbhíse taistil;

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b b (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 12

An téacs atá ann	*Leasú*
	(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12:
(12) ciallaíonn 'imthosca dosheachanta agus urghnácha' staid nach bhfuil neart ag an bpáirtí a agraíonn staid den sórt sin uirthi agus nárbh fhéidir a hiarmhairtí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnach;	(12) ciallaíonn 'imthosca dosheachanta agus urghnácha' staid nach bhfuil neart ag an bpáirtí a agraíonn staid den sórt sin uirthi agus nárbh fhéidir a hiarmhairtí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta, ***lena n-áirítear inter alia***

	cogadh nó coinbhleacht, fadhbanna tromchúiseacha slándála eile amhail sceimhlitheoireacht, rioscaí suntasacha do shláinte an duine amhail ráig galair thromchúisigh ag an gceann scríbe taistil, nó tubaistí nádúrtha amhail tuilte, creathanna talún nó dálaí aimsire a fhágann nach féidir taisteal go sábháilte chuig an gceann scríbe mar a comhaontaíodh sa chonradh taistil láneagraithe;

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe -a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – pointe viii

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (viii):
(viii) an bhfuil an turas nó an tsaoire oiriúnach go ginearálta do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus, arna iarraidh sin don taistealaí, faisnéis bheacht maidir le hoiriúnacht an turais nó na saoire agus riachtanais an taistealaí á gcur san áireamh;	‘(viii) an bhfuil an turas nó an tsaoire oiriúnach go ginearálta do dhaoine ***faoi mhíchumas agus*** do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus, arna iarraidh sin don taistealaí, faisnéis bheacht maidir le ***hinrochtaineacht agus*** oiriúnacht an turais nó na saoire agus riachtanais an taistealaí á gcur san áireamh;’

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe -a a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
(b) ainm trádála agus seoladh geografach an eagraí agus, i gcás inarb infheidhme, an mhiondíoltóra, chomh maith lena n-uimhir theileafóin agus***, i gcás inarb infheidhme,*** a seoladh ríomhphoist;	‘(b) ainm trádála agus seoladh geografach an eagraí agus, i gcás inarb infheidhme, an mhiondíoltóra, chomh maith lena n-uimhir theileafóin ***saor in aisce*** agus a seoladh ríomhphoist ***feidhmiúil***;’

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) na socruithe le haghaidh íocaíochta, lena n-áirítear aon mhéid nó céatadán den phraghas atá le híoc mar éarlais agus uainiú d’íoc an mhéid atá fágtha, ***i gcomhréir le hAirteagal 5a***, nó ráthaíochtaí airgeadais atá le híoc nó le soláthar ag an taistealaí;’***;***	‘(d) na socruithe le haghaidh íocaíochta, lena n-áirítear ***trí phointí nó córais eile luaíochta airgeadra agus*** aon mhéid nó céatadán den phraghas atá le híoc mar éarlais agus uainiú d’íoc an mhéid atá fágtha, nó ráthaíochtaí airgeadais atá le híoc nó le soláthar ag an taistealaí;’

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 – pointe f

An téacs atá ann	*Leasú*
	(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):
(f) faisnéis ghinearálta faoi cheanglais phas agus víosa, lena	‘(f) faisnéis ghinearálta ***uileghabhálach*** maidir le

n-áirítear neastréimhsí chun víosaí a fháil agus faisnéis faoi fhoirmiúlachtaí sláinte, na tíre cinn scríbe agus idirthurais;	ceanglais phas agus víosaí, lena n-áirítear neastréimhsí chun víosaí a fháil agus faisnéis maidir le foirmiúlachtaí sláinte, na tíre cinn scríbe ***agus idirthurais, chomh maith le hathruithe a tharlaíonn idir tabhairt i gcrích an chonartha agus forghníomhú an chonartha***;’

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) cuirtear an pointe seo a leanas leis:
	‘(ha) faisnéis go bhfuil an taistealaí ag ceannach pacáiste agus míniú ar an gcosaint a thugtar do thaistealaithe tar éis an conradh a thabhairt i gcrích, dá bhforáiltear sa Treoir seo.’

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 5 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(4a) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
3. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar fáil ar bhealach soiléir, sothuigthe agus feiceálach. I gcás ina gcuirtear an fhaisnéis sin ar	3. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar bhealach soiléir, sothuigthe agus feiceálach ***agus i bhformáidí inrochtana i gcomhréir leis na ceanglais***

fáil i scríbhinn, beidh sé inléite.

inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. I gcás ina gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil i scríbhinn, beidh sé inléite.

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 5a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 5a	Airteagal 5a
Íocaíochtaí	Íocaíochtaí
Áiritheoidh na Ballstáit, cé is moite de phacáistí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2)(b)(iv), agus pacáistí a chuirtear in áirithe 28 lá roimh thús an phacáiste, nach n-iarrfaidh an t-eagraí ná, i gcás inarb infheidhme, an miondíoltóir éarlaisí os cionn 25 % de phraghas iomlán an phacáiste agus nach n-iarrfaidh siad an íocaíocht atá fágtha níos luaithe ná 28 lá roimh thús an phacáiste. Féadfaidh an t-eagraí, nó i gcás inarb infheidhme, féadfaidh an miondíoltóir éarlaisí níos airde a iarraidh i gcás inar gá sin chun eagrú agus feidhmíocht an phacáiste a áirithiú. Féadfar a chumhdach leis na héarlaisí réamhíocaíochtaí le soláthraithe seirbhísí a áirítear sa phacáiste agus costais a thabhaigh an t-eagraí freisin, nó i gcás inarb infheidhme an miondíoltóir,	***Féadfaidh*** na Ballstáit***, i gcomhréir le forálacha náisiúnta, teorainneacha a thabhairt isteach ar réamhíocaíochtaí***.

go sonrach i ndáil le heagrú agus feidhmíocht an phacáiste a mhéid is gá chun na costais sin a chumhdach tráth na háirithinte.

Leasú 44

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe -a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 7 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na conarthaí taistil láneagraithe i dteanga shoiléir shothuigthe agus, a mhéid atá siad i scríbhinn, inléite. Ar thabhairt i gcrích an chonartha taistil láneagraithe nó gan moill mhíchuí ina dhiaidh sin, soláthróidh an t-eagraí nó an miondíoltóir cóip nó deimhniú den chonradh don taistealaí ar mheán marthanach. Beidh an taistealaí i dteideal cóip pháipéir a iarraidh má tugadh an conradh taistil láneagraithe i gcrích agus na páirtithe i láthair go fisiciúil an tráth céanna.	‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na conarthaí taistil láneagraithe ***i bhformáidí inrochtana i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882,*** i dteanga shoiléir shothuigthe agus, a mhéid atá siad i scríbhinn, inléite. Ar thabhairt i gcrích an chonartha taistil láneagraithe nó gan moill mhíchuí ina dhiaidh sin, soláthróidh an t-eagraí nó an miondíoltóir cóip nó deimhniú den chonradh don taistealaí ar mheán marthanach. Beidh an taistealaí i dteideal cóip pháipéir a iarraidh má tugadh an conradh taistil láneagraithe i gcrích agus na páirtithe i láthair go fisiciúil an tráth céanna.’

Leasú 45

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe b
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 7 – mír 2a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2a. Beidh an fhoirm faisnéise ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I i gceangal leis an gconradh. Beidh tagairt shoiléir sa chonradh don fhaisnéis sin.	2a. Beidh an fhoirm faisnéise ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I i gceangal leis an gconradh ***nó cuirfear ar fáil go leictreonach í tráth a thabharfar an conradh i gcrích***. Beidh tagairt shoiléir sa chonradh don fhaisnéis sin.

Leasú 46

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua) -
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 11 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6a) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití de mhír 2:
2. Más rud é, roimh thús an phacáiste, go bhfuil srian ar an eagraí athrú suntasach a dhéanamh ar aon cheann de phríomhthréithe na seirbhísí taistil dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 5(1) nó nach féidir leis na ceanglais speisialta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 7(2) a chomhlíonadh, nó má bheartaíonn sé praghas an phacáiste a mhéadú níos mó ná 8 % i gcomhréir le hAirteagal 10(2), féadfaidh an taistealaí an méid seo a leanas a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta arna sonrú ag an eagraí:	2. Más rud é, roimh thús an phacáiste, go bhfuil srian ar an eagraí athrú suntasach a dhéanamh ar aon cheann de phríomhthréithe na seirbhísí taistil dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 5(1) nó nach féidir leis na ceanglais speisialta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 7(2) a chomhlíonadh, nó má bheartaíonn sé praghas an phacáiste a mhéadú níos mó ná 8 % i gcomhréir le hAirteagal 10(2), ***cuirfidh sé an taistealaí ar an eolas láithreach agus*** féadfaidh an taistealaí an méid seo a leanas a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta arna sonrú ag an eagraí:

Leasú 47

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe -a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Déanfaidh Ballstáit a áirithiú go bhféadfaí taistealaí conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh tráth ar bith roimh thús an turais láneagraithe. I gcás ina ndéanann taistealaí conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh faoin mír seo, d'fhéadfaí go gceanglaítear ar an taistealaí ***táille fhoirceanta iomchuí agus réasúnaithe a íoc leis an eagraí***. ***D'fhéadfaí táillí foirceanta caighdeánaithe réasúnacha a shonrú leis an gconradh taistil láneagraithe bunaithe ar thráth fhoirceanta an chonartha roimh thús an turais láneagraithe agus coigilteas costais agus ioncam a bhfuil coinne leo ó chur chun feidhme mhalartach na seirbhísí taistil***. ***In éagmais táillí foirceanta caighdeánaithe, comhfhreagróidh méid na táille foirceanta do phraghas an phacáiste lúide an coigilteas costais agus an t-ioncam ó imscaradh malartach na seirbhísí taistil. Arna iarraidh sin don taistealaí, soláthróidh an t-eagraí údar le méid na dtáillí foirceanta.***	'1. Déanfaidh Ballstáit a áirithiú go bhféadfadh taistealaí conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh tráth ar bith roimh thús an phacáiste. I gcás ina ndéanann taistealaí conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh faoin mír seo, d'fhéadfaí go gceanglaítear ar an taistealaí ***táille*** foirceanta caighdeánaithe ***a íoc a leagtar síos sa chonradh***.'

Leasú 48

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe -a a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-aa) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:
	'Luafaidh an t-eagraí go soiléir méid sonrach na táille foirceanta caighdeánaithe nó an modh ríofa san fhaisnéis réamhchonarthach a sholáthraítear don taistealaí. Beidh an táille foirceanta caighdeánaithe iomchuí agus réasúnaithe, agus uainiú an fhoirceanta roimh thús an phacáiste, an coigilteas costais a bhfuiltear ag súil leis, agus an t-ioncam a d'fhéadfadh a bheith ann ó imscaradh malartach seirbhísí taistil á gcur san áireamh, mar shampla.'

Leasú 49

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. D'ainneoin mhír 1, beidh an ceart ag taistealaí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh roimh thús an phacáiste gan aon táille foirceanta a íoc ***i gcás imthosca***	2. D'ainneoin mhír 1, beidh sé de cheart ag an taistealaí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh roimh thús an phacáiste gan aon táille foirceanta a íoc i gcás ina bhfuil

dosheachanta agus urghnácha ag ceann scríbe an taistil nó ina gharchomharsanacht***, ag áit chónaithe*** nó imeachta an taistealaí, nó a dhéanann difear don turas chuig an gceann scríbe***, i gcás ina ndéanann imthosca den sórt sin difear suntasach d'fheidhmíocht an phacáiste. Féadfaidh an taistealaí an conradh a fhoirceannadh i gcás ina bhfuil coinne réasúnta leis go ndéanfaidh imthosca dosheachanta agus urghnácha difear suntasach d'fheidhmíocht an chonartha taistil láneagraithe***. Má fhoirceanntar an conradh taistil láneagraithe i gcomhréir leis an mír seo, beidh an taistealaí i dteideal aisíocaíocht iomlán d'aon íocaíocht a rinneadh as an bpacáiste ach ní bheidh sé i dteideal aon chúitimh breise.

coinne réasúnta leis go ndéanfaidh imthosca dosheachanta agus urghnácha difear suntasach agus oibiachtúil don chonradh taistil láneagraithe, ar imthosca iad ag an gceann scríbe taistil nó ina gharchomharsanacht, nó go ndéanfaidh siad difear don imeacht nó do thuras an taistealaí chuig an gceann scríbe nó ón gceann scríbe. Má fhoirceanntar an conradh taistil láneagraithe i gcomhréir leis an mír seo, beidh an taistealaí i dteideal aisíocaíocht iomlán d'aon íocaíocht a rinneadh as an bpacáiste ach ní bheidh sé i dteideal aon chúitimh breise.

Leasú 50

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

An téacs atá ann	*Leasú*
	(aa) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:
3. Féadfaidh an t-eagraí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh agus aisíocaíocht iomlán a thabhairt don taistealaí as aon íocaíochtaí a rinneadh as an bpacáiste, ach ní bheidh sé i dteideal aon chúitimh breise más rud é:	'3. Féadfaidh an t-eagraí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh agus aisíocaíocht iomlán a thabhairt don taistealaí as aon íocaíochtaí a rinneadh as an bpacáiste***, nó, ar bhealach neamhcheangailteach, pacáiste atá mar an gcéanna go substaintiúil a thairiscint trí iompróirí malartacha agus***

	modhanna iompair malartacha, nó seirbhís taistil mhalartach a thairiscint in ionad an phacáiste, nó in ionad comhpháirteanna den phacáiste sin.
	Ní bheidh ***an t-eagraí*** i dteideal aon chúitimh breise***, áfach***, más rud é:’

Leasú 51

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12 – mír 3a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3a. Rabhaidh oifigiúla in aghaidh taistil chuig ceann scríbe faoi leith arna n-eisiúint ag údaráis an Bhallstáit imeachta nó údaráis thír chónaithe nó chinn scríbe an taistealaí, nó an chaoi a mbeidh taistealaithe faoi réir srianta tromchúiseacha ag an gceann scríbe taistil nó sa Bhallstát cónaithe nó imeachta tar éis filleadh ón turas nó ón tsaoire, beidh siad ina ngnéithe tábhachtacha le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le foirceannadh an chonartha bunaithe ar mhír 2 agus mír 3, pointe (b).	3a. Rabhaidh oifigiúla in aghaidh taistil chuig ceann scríbe faoi leith arna n-eisiúint ag údaráis an Bhallstáit imeachta nó údaráis thír chónaithe nó chinn scríbe an taistealaí, nó an chaoi a mbeidh taistealaithe faoi réir srianta tromchúiseacha ag an gceann scríbe taistil nó sa Bhallstát cónaithe nó imeachta tar éis filleadh ón turas nó ón tsaoire, beidh siad ina ngnéithe tábhachtacha le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le foirceannadh an chonartha bunaithe ar mhír 2 agus mír 3, pointe (b). ***Beidh feidhm aige sin go háirithe i gcás inar eisíodh rabhadh oifigiúil 28 lá ar a mhéad roimh thús sceidealaithe an phacáiste ach go bhfuil sé gan dochar do mheasúnú cás ar chás. I gcás inar chuir an t-eagraí an taistealaí ar an eolas go cuí faoi rabhadh oifigiúil agus faoi na srianta taistil, agus go***

	ndeachaigh sé ar aghaidh le háirithint mar sin féin, glacfaidh an taistealaí leis an riosca airgeadais i gcás ina ndéanann sé an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh.

Leasú 52

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe c
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh an t-eagraí aon aisíocaíocht is gá faoi mhíreanna 2 agus 3 ar fáil nó, a mhéid a bhaineann le mír 1, aisíocfaidh sé aon íocaíocht a dhéanann an taistealaí nó ar a shon as an bpacáiste lúide an táille foirceanta iomchuí agus inchosanta. Déanfaidh an t-eagraí aon aisíoc nó aisíocaíocht den sórt sin leis an taistealaí gan moill mhíchuí agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis don chonradh taistil láneagraithe a bheith foirceanta, gan beann ar cé acu a iarrann nó nach n-iarrann an taistealaí aisíoc a fháil.	Cuirfidh an t-eagraí aon aisíocaíocht is gá faoi mhíreanna 2 agus 3 ar fáil nó, a mhéid a bhaineann le mír 1, aisíocfaidh sé aon íocaíocht a dhéanann an taistealaí nó a dhéantar ar a shon as an bpacáiste lúide an táille foirceanta iomchuí agus inchosanta. Déanfaidh an t-eagraí aon aisíocaíocht den sórt sin leis an taistealaí gan moill mhíchuí agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis don chonradh taistil láneagraithe a bheith foirceanta, gan beann ar cé acu a iarrann nó nach n-iarrann an taistealaí aisíocaíocht a fháil go sonrach. ***I gcás nach mbeidh sonraí íocaíochta an taistealaí bailí a thuilleadh, soláthróidh an taistealaí na sonraí íocaíochta cearta don eagraí. Déanfaidh an t-eagraí aisíocaíocht tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis don taistealaí na sonraí íocaíochta nua a chur isteach.***

Leasú 53

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfoirceanntar conradh de bhun Airteagail 10, 11 nó 12, go bhféadfaidh an t-eagraí an rogha a thabhairt don taistealaí glacadh le dearbhán is féidir a úsáid le haghaidh pacáiste amach anseo in ionad aisíoca.	1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfoirceanntar conradh de bhun Airteagail 10, 11 nó 12, go bhféadfaidh an t-eagraí an rogha a thabhairt don taistealaí glacadh le dearbhán is féidir a úsáid le haghaidh pacáiste amach anseo in ionad aisíoca. ***Féadfaidh an t-eagraí dearbhán a thairiscint ar luach níos airde ná ceart aisíocaíochta an taistealaí.***

Leasú 54

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Ní ghlacfar le toiliú an taistealaí. Sula n-eiseofar dearbhán, lorgóidh an t-eagraí toiliú sainráite an taistealaí i gcónaí.

Leasú 55

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) luach an dearbháin;

Leasú 56

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 2 – pointe a b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ab) gur féidir an dearbhán a úsáid go hiomlán nó go páirteach agus gur féidir é a úsáid le haghaidh aon seirbhís taistil a mholann an t-eagraí;

Leasú 57

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 2 – pointe a c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ac) gur féidir an dearbhán a aistriú uair amháin agus gan aon táille;

Leasú 58

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) go bhfuil tréimhse bhailíochta an dearbháin agus cearta na dtaistealaithe i ndáil le dearbháin mar a leagtar síos san Airteagal seo,	(b) go bhfuil tréimhse bhailíochta an dearbháin agus cearta na dtaistealaithe i ndáil le dearbháin mar a leagtar síos san Airteagal seo ***agus nach dtiocfaidh athrú orthu sin le linn thréimhse bhailíochta an dearbháin***,

Leasú 59

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfaidh an t-eagraí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a chomhroinnt go réamhghníomhach, go huathoibríoch agus ar bhealach pearsantaithe le taistealaithe trí bhealaí cumarsáide digiteacha.

Leasú 60

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Comhfhreagróidh luach an dearbháin ar a laghad do mhéid cheart aisíocaíocht an taistealaí. Féadfaidh an t-eagraí dearbhán a thairiscint ar mhéid níos airde.	3. Comhfhreagróidh luach an dearbháin ar a laghad do mhéid cheart aisíocaíochta an taistealaí. Féadfaidh an t-eagraí dearbhán a thairiscint ar ***luach iomlán*** níos

airde.

Leasú 61

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. I gcás taistealaithe a roghnaíonn dearbhán, tairgfidh an t-eagraí rogha mhalartach a chomhlíonfaidh a n-áisiúlacht ar a laghad, agus seirbhísí taistil á roghnú acu. Ina theannta sin, tabharfar tosaíocht do na taistealaithe sin ina rogha seirbhísí taistil.

Leasú 62

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12 a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ní chaillfidh taistealaithe a gceart aisíoca le linn thréimhse bhailíochta an dearbháin***, ach amháin má ghlacann siad leis an dearbhán in ionad aisíoca go sainráite agus i scríbhinn***. Féadfaidh na páirtithe aontú tráth ar bith ar aisíoc iomlán a fháil sula bhfuasclófar dearbhán nó sula rachaidh sé as feidhm.	4. Caillfidh taistealaithe a gceart aisíocaíochta le linn thréimhse bhailíochta an dearbháin ***tar éis dóibh glacadh*** leis an dearbhán ***ar mheán marthanach***. Féadfaidh na páirtithe aontú tráth ar bith ar aisíocaíocht iomlán***, nó aisíocaíocht i bpáirt,*** a fháil sula bhfuasclófar dearbhán nó sula rachaidh sé as feidhm.

Leasú 63

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Beidh tréimhse bhailíochta ag dearbháin d'uasfhad 12 mhí ón lá a ghlacann taistealaí le dearbhán i gcomhréir le mír 4. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh uair amháin go ceann suas le 12 mhí le comhaontú sainráite agus scríofa an dá pháirtí.	5. Beidh tréimhse bhailíochta ag dearbháin d'uasfhad 12 mhí ón lá a ghlacann taistealaí le dearbhán i gcomhréir le mír 4. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh uair amháin go ceann suas le 12 mhí le comhaontú sainráite agus scríofa an dá pháirtí. ***Beidh sé de cheart ag taistealaithe aisíocaíocht a iarraidh tar éis dheireadh na tréimhse bailíochta.***

Leasú 64

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12 a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Mura bhfuasclaítear an dearbhán laistigh dá thréimhse bhailíochta, aisíocfaidh an t-eagraí an méid ***a shonraítear sa dearbhán*** a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí laistigh de 14 lá tar éis deireadh na tréimhse bailíochta gan gá aon iarraidh roimhe sin a fháil ón taistealaí.	6. ***Beifear in ann dearbháin a úsáid le haghaidh na seirbhísí taistil uile a mholann an t-eagraí***. ***Féadfaidh taistealaithe dearbháin a úsáid le haghaidh seirbhís amháin nó níos mó a thairgeann eagraithe, agus féadfaidh siad iad a úsáid i gcodanna ar ócáidí éagsúla.*** Mura bhfuasclaítear an dearbhán laistigh dá thréimhse bhailíochta, aisíocfaidh an t-eagraí an méid ***a chomhfhreagraíonn do chearta aisíocaíochta an taistealaí*** a

luaithe is féidir agus ar a dhéanaí laistigh de 14 lá tar éis deireadh na tréimhse bailíochta gan gá aon iarraidh roimhe sin a fháil ón taistealaí. ***Má fhuasclaítear an dearbhán go páirteach, aisíocfaidh an t-eagraí an méid atá fágtha sa dearbhán a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí laistigh de 14 lá tar éis fuascailt pháirteach an dearbháin, gan gá aon iarraidh roimhe sin a fháil ón taistealaí.***

Leasú 65

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 12 a – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Beidh dearbháin inaistrithe le taistealaí eile gan aon chostas breise i gceist.	7. Ní bheidh dearbháin inaistrithe le taistealaí eile ***ach aon uair amháin*** gan aon chostas breise i gceist. ***Cuirfidh an taistealaí aistriú an dearbháin in iúl don eagraí i scríbhinn agus soláthróidh sé don eagraí sonraí pearsanta an aistrí is gá chun an dearbhán a fhuascailt nó chun aisíocaíocht a fháil ag deireadh a thréimhse bailíochta. Chun inrianaitheacht a fheabhsú, déanfar an dearbhán a mharcáil mar dhearbhán aistrithe.***

Leasú 66

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9

Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh eagraithe atá bunaithe ina gcríoch urrús ar fáil chun gach íocaíocht a dhéanann taistealaithe nó a dhéantar ar a son a aisíoc i gcás dhócmhainneacht na n-eagraithe. Áireofar leis sin cosaint íocaíochtaí a dhéantar i gcás nach gcomhlíontar turas láneagraithe ina iomláine nó i bpáirt de dhroim dhócmhainneacht an eagraí nó i gcás ina raibh taistealaí i dteideal aisíoc a fháil nó ina bhfuair sé dearbhán ón eagraí roimh a dhócmhainneacht. A mhéid a bhaineann le dearbháin, beidh an t-urrús teoranta ***don mhéid íocaíochtaí a fhaightear ón taistealaí***. Má áirítear an turas fillte sa chonradh taistil láneagraithe, cuirfidh eagraithe urrús ar fáil d'aisdúichiú an taistealaí freisin. Féadfar leanúint den turas láneagraithe a thairiscint.	Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh eagraithe atá bunaithe ina gcríoch urrús ar fáil chun gach íocaíocht a dhéanann taistealaithe nó a dhéantar ar a son a aisíoc i gcás dhócmhainneacht na n-eagraithe. Áireofar leis sin cosaint íocaíochtaí a dhéantar i gcás nach gcomhlíontar pacáiste ina iomláine nó i bpáirt de dhroim dhócmhainneacht an eagraí nó i gcás ina raibh taistealaí i dteideal aisíocaíocht a fháil nó ina bhfuair sé dearbhán ón eagraí roimh a dhócmhainneacht. A mhéid a bhaineann le dearbháin, beidh an t-urrús teoranta ***do chearta aisíocaíochta an taistealaí***. Má áirítear an turas fillte sa chonradh taistil láneagraithe, cuirfidh eagraithe urrús ar fáil d'aisdúichiú an taistealaí freisin. Féadfar leanúint den phacáiste a thairiscint.

Leasú 67

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 17 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh eagraí dócmhainneach, go gcuirfear taistealaithe ar an eolas gan moill mhíchuí agus trí bhealaí cumarsáide iomchuí, faoin

méid seo a leanas ar a laghad:

(a) dócmhainneacht an eagraí ;

(b) ainm agus sonraí teagmhála an eintitis a sholáthraíonn cosaint ar dhócmhainneacht agus

(c) a gcearta maidir le pacáistí a bhfuil tús curtha leo cheana féin nó ar féidir iad a fheidhmiú fós.

Leasú 68

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh an t-urrús dá dtagraítear i mír 1 éifeachtach agus cumhdófar costais atá measartha intuartha leis. Cumhdófar leis na méideanna íocaíochtaí a rinne taistealaithe nó a ndearnadh ar a son i ndáil le turais láneagraithe, agus fad na tréimhse idir fáil aon íocaíochtaí agus comhlíonadh na dturas láneagraithe, chomh maith leis an gcostas measta ar aisdúichithe i gcás dhócmhainneacht an eagraí, á chur san áireamh. Beidh an t-urrús leordhóthanach chun costais a chumhdach le haghaidh aisíocaíochtaí agus, i gcás inarb infheidhme, aisdúichithe agus dearbhán, i gcónaí. Cuirfear san áireamh leis an gcumhdach tréimhsí ina mbíonn eagraithe i seilbh na méideanna íocaíochtaí is airde ***agus aon athrú ar mhéid díolachán na dturas láneagraithe***.	2. Beidh an t-urrús dá dtagraítear i mír 1 éifeachtach agus cumhdófar costais atá measartha intuartha leis. Cumhdófar leis na méideanna íocaíochtaí a rinne taistealaithe nó a ndearnadh ar a son i ndáil le pacáistí, agus fad na tréimhse idir fáil aon íocaíochtaí agus comhlíonadh na bpacáistí, chomh maith leis an gcostas measta ar aisdúichithe i gcás dhócmhainneacht an eagraí, á chur san áireamh. Beidh an t-urrús leordhóthanach chun costais a chumhdach le haghaidh aisíocaíochtaí agus, i gcás inarb infheidhme, aisdúichithe agus dearbhán, i gcónaí. Cuirfear san áireamh leis an gcumhdach tréimhsí ina mbíonn eagraithe i seilbh na méideanna íocaíochtaí is airde.

Leasú 69

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 17 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Chun éifeachtacht na cosanta ar dhócmhainneacht a áirithiú, maoirseoidh na Ballstáit socruithe cosanta dócmhainneachta na n-eagraithe atá bunaithe ar a gcríoch, déanfaidh siad faireachán ar an margadh as cosaint ar dhócmhainneacht a chur ar fáil***, agus féadfaidh, más gá, ceanglóidh siad an dara leibhéal cosanta a bheith de dhíth orthu***. Aon chómhaoiniú ag na Ballstáit, ní féidir é a dhéanamh ach in imthosca eisceachtúla agus cuí-réasúnaithe, agus braithfidh sé ar fhormheas a fháil faoi fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair.	3. Chun éifeachtacht na cosanta ar dhócmhainneacht a áirithiú, maoirseoidh na Ballstáit socruithe cosanta dócmhainneachta na n-eagraithe atá bunaithe ar a gcríoch ***agus*** déanfaidh siad faireachán ar an margadh as cosaint ar dhócmhainneacht a chur ar fáil. Aon chómhaoiniú ag na Ballstáit, ní féidir é a dhéanamh ach in imthosca eisceachtúla agus cuí-réasúnaithe, agus braithfidh sé ar fhormheas a fháil faoi fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair.

Leasú 70

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 17 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cuirfear aisíoc íocaíochtaí a dhéanann difear do dhócmhainneacht an eagraí ar fáil gan moill mhíchuí tar éis iarraidh an taistealaí, agus ar a dhéanaí laistigh de ***3*** mhí tar éis don taistealaí na doiciméid is gá a	6. Cuirfear aisíocaíocht íocaíochtaí a dhéanann difear do dhócmhainneacht an eagraí ar fáil gan moill mhíchuí tar éis iarraidh an taistealaí, agus ar a dhéanaí laistigh de ***6*** mhí tar éis don taistealaí na doiciméid is gá a

chur isteach chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh.	chur isteach chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh. ***Agus aisíocaíocht á hiarraidh acu, soláthróidh taistealaithe an conradh taistil láneagraithe chomh maith le cruthúnas ar íocaíocht a rinneadh leis an eagraí nó, i gcás inarb infheidhme, le miondíoltóirí. Beidh an doiciméadacht sin leordhóthanach don taistealaí chun aisíocaíocht a iarraidh.***

Leasú 71

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ainmneoidh na Ballstáit lárphointí teagmhála chun comhar riaracháin agus maoirsiú eagraithe a oibríonn i mBallstáit dhifriúla a éascú agus chun faisnéis a mhalartú i ndáil le cosaint ar dhócmhainneacht agus aon sásra atá curtha i bhfeidhm chun éifeachtacht an aisíoca ar chonarthaí taistil láneagraithe a áirithiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi shonraí teagmhála na bpointí teagmhála sin do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.	2. Ainmneoidh na Ballstáit lárphointí teagmhála chun comhar riaracháin agus maoirsiú eagraithe a oibríonn i mBallstáit éagsúla a éascú agus chun faisnéis a mhalartú i ndáil le cosaint ar dhócmhainneacht agus aon sásra atá curtha i bhfeidhm chun éifeachtacht na n-aisíocaíochtaí ar chonarthaí taistil láneagraithe a áirithiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi shonraí teagmhála na bpointí teagmhála sin do na Ballstáit eile agus don Choimisiún. ***Cruthóidh gach Ballstát fardal ina liostófar na trádálaithe uile a dhíolann pacáistí ina gcríoch agus céannacht faoi seach an eintitis atá i gceannas ar an gcosaint ar dhócmhainneacht. Beidh na fardail sin ar fáil go poiblí agus inrochtana agus éascóidh siad an comhar idir pointí teagmhála arna n-***

	ainmniú ag na Ballstáit. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis atá cothrom le dáta maidir le cosaint ar dhócmhainneacht a lárú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear liosta de na fardail uile agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí í ar a shuíomh gréasáin.
Leasú 72	
Togra le haghaidh treorach **Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11** Treoir (AE) 2015/2302 Caibidil VI	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) ***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:***	(11) ***Scriostar Caibidil VI.***
'Airteagal 19	
Ceanglais cosanta dócmhainneachta agus faisnéise le haghaidh socruithe taistil gaolmhara	
1. I gcás socruithe taistil gaolmhara, mar a shainítear in Airteagal 3(5), áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na trádálaithe a iarrann ar thaistealaithe conradh a thabhairt i gcrích maidir le cineál difriúil seirbhíse taistil urrús ar fáil le haghaidh aisíoc gach íocaíochta a fhaigheann siad ó thaistealaithe. Má bhíonn trádálaithe den sórt sin freagrach as turas fillte an taistealaí, cumhdófar aisdúichiú an taistealaí leis an urrús freisin. Beidh feidhm mutatis mutandis ag an dara fomhír d'Airteagal 17(1), Airteagal 17(2) go (6) agus ag	

Airteagal 18.

2. Arna iarraidh ar an taistealaí conradh a thabhairt i gcrích maidir le gach cineál difriúil seirbhíse taistil, déanfaidh an trádálaí, lena n-áirítear i gcás nach bhfuil sé bunaithe i mBallstát ach, ina dtreoraíonn sé gníomhaíochtaí den sórt sin chuig Ballstát trí mheán ar bith, an fhoirm faisnéise chaighdeánach ábhartha a chur ar fáil a leagtar amach in Iarscríbhinn II, arna comhlánú de réir mar is iomchuí. Cuirfear an fhoirm ar fáil ar bhealach soiléir agus suaithinseach.

3. I gcás nach gcomhlíonann na trádálaithe na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 9 agus 12 agus ag Caibidil IV maidir leis na seirbhísí taistil a áirítear sa socrú taistil gaolmhar.

4. I gcás ina gcuirtear socrú taistil gaolmhar ar bun, déanfaidh an trádálaí a thugann conradh i gcrích maidir le cineál difriúil seirbhíse taistil an trádálaí ar an eolas a d'iarr ar an taistealaí an conradh sin a thabhairt i gcrích faoin bhfíoras sin.'

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – pointe 11 a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 21 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(11a)in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre :
Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh trádálaí faoi dhliteanas i leith aon earráidí de dheasca fabhtanna teicniúla sa chóras áirithinte atá inchurtha ina leith agus, i gcás inar chomhaontaigh an trádálaí áirithint pacáiste nó seirbhísí taistil atá mar chuid de shocruithe taistil nasctha a shocrú, i leith na n-earráidí a rinneadh le linn an phróisis áirithinte.	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh trádálaí faoi dhliteanas i leith aon earráidí de dheasca fabhtanna teicniúla sa chóras áirithinte atá inchurtha ina leith agus, i gcás inar chomhaontaigh an trádálaí áirithint pacáiste a shocrú, i leith na n-earráidí a rinneadh le linn an phróisis áirithinte.

Leasú 74

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – pointe 12 a (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 23 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(12a)cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23(1):
1. Le dearbhú ó eagraí turais láneagraithe nó trádálaí a éascaíonn socrú taistil nasctha go bhfuil sé ag gníomhú go heisiach mar sholáthraí seirbhíse taistil, mar idirghabhálaí nó in aon cháil eile, nó nach turas láneagraithe nó socrú taistil nasctha é turas láneagraithe nó socrú taistil nasctha, ní dhéanfaidh sé an t-eagraí nó an trádálaí sin a shaoradh ó na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu faoin Treoir	1. Le dearbhú ó eagraí pacáiste ina sonraítear go bhfuil sé ag gníomhú leis féin mar sholáthraí seirbhíse taistil, mar idirghabhálaí nó i gcáil ar bith eile, nó, ina sonraítear nach bhfuil pacáiste ina phacáiste, ní scaoilfear an t-eagraí sin ó na hoibleagáidí a fhorchuirtear ***air*** faoin Treoir seo.

seo.

Leasú 75

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – pointe 12 b (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 24 – mír 1a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12b) in Airteagal 24, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:
	1a. Gan dochar d'Airteagail 7(2), 13, 15, agus 16, bunóidh gach eagraí agus miondíoltóir sásra um láimhseáil gearán maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a chumhdaítear leis an Treoir seo. Cuirfidh siad a sonraí teagmhála agus a dteanga oibre, nó a dteangacha oibre, in iúl do thaistealaithe agus cuirfidh siad ar fáil do thomhaltóirí iad an tráth céanna leis na doiciméid atá le soláthar roimh thús an phacáiste i gcomhréir le hAirteagal 7(1), pointe (g).

Leasú 76

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – pointe 12 b (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 24 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Nuair a chuireann taistealaí gearán isteach trí úsáid a bhaint as an sásra dá dtagraítear i mír 1a,

deimhneoidh an t-eagraí nó an miondíoltóir go bhfuarthas é le cóip de na malartuithe, laistigh de 7 lá oibre ón ngearán a chur isteach. Tabharfaidh an t-eagraí nó an miondíoltóir freagra réasúnaithe don taistealaí laistigh de 30 lá oibre. Coimeádfaidh eagraithe agus miondíoltóirí na sonraí is gá chun an gearán a mheasúnú ar feadh thréimhse iomlán an nós imeachta um láimhseáil gearán agus cuirfidh siad na sonraí sin ar fáil do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe arna iarraidh sin.

Leasú 77

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – pointe 12 b (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 24 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Cuirfear mionsonraí an nós imeachta um láimhseáil gearán ar fáil ar shuíomh gréasáin na n-eagraithe agus na miondíoltóirí a thairgeann seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir seo.

Leasú 78

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – pointe 12 b (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 24 – mír 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1d. Beidh na gearáin a chuireann taistealaithe isteach trí úsáid a bhaint as an sásra dá dtagraítear i mír 1a gan dochar dá gcearta díospóidí a thíolacadh le haghaidh réiteach lasmuigh den chúirt i gcomhréir le hAirteagal 26a, nó sásamh a lorg trí imeachtaí cúirte, faoi réir tréimhsí teorann i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Leasú 79

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 c (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 25

An téacs atá ann	*Leasú*
	(12c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:
Airteagal 25	Airteagal 25
Pionóis	Pionóis
Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.	Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an trádálaí sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann a bheidh in uasmhéid na bhfíneálacha. Tabharfaidh na Ballstáit fógra***

	don Choimisiún gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na rialacha nó do na bearta sin.'

Leasú 80

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 d (nua)
Treoir (AE) 2015/2302
Airteagal 26 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12d) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:
	'Airteagal 26a
	Sásra malartach um réiteach díospóidí
	Féadfaidh eagraithe, miondíoltóirí, idirghabhálaithe agus gníomhaithe eile a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo páirt a ghlacadh i nósanna imeachta um réiteach malartach díospóidí.'

Leasú 81

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Treoir (AE) 2015/2302
Iarscríbhinn II

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) ***Cuirtear an téacs in*** Iarscríbhinn II ***a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn II***.	(14) ***Scriostar*** Iarscríbhinn II.

Leasú 82

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 3	Airteagal 3
Trasuí	Trasuí
1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoi [***18 mí*** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.	Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoi [***24 mhí*** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach] ar a dhéanaí.
Cuirfidh Ballstáit na forálacha sin i bhfeidhm ón [6 mhí i ndiaidh an sprioc-ama trasuite].	Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. Cuirfidh Ballstáit na forálacha sin i bhfeidhm ón [6 mhí i ndiaidh an sprioc-ama trasuite].
Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.	Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.
2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.	Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Leasú 83
Togra le haghaidh treorach
Iarscríbhinn II
Treoir (AE) 2015/2302
Iarscríbhinn II

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[…]	***scriosta***